C/2025/772

11.2.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Togra reachtach maidir le haistriú cóir agus uirlisí beartais AE a cheapadh chun gné shóisialta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a neartú

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/772)

Rapóirtéir: **Dirk BERGRATH**

Comhairleoirí	Christiny MILLER (thar ceann an rapóirtéara) Anna KWIATKIEWICZ (thar ceann Ghrúpa I)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	15.2.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	13.11.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	5.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	179/1/6

1. Conclúidí agus moltaí

Seo seasamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE):

1.1. Tugann CESE chun suntais an tábhacht a bhaineann le haistriú cóir a bhaint amach san Aontas i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha agus treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh 2019-2024. Beidh tionchar ar leith ag an aistriú cóir ar shaol na hoibre, rud a dhéanfaidh difear d'earnálacha, do na réigiúin, do phoist agus scileanna (lena n-áirítear gné na hinscne, gné idirghlúine agus grúpaí leochaileacha), do leas, don chomhar idir na Ballstáit, don rialachas, don ghnó agus d'fhiontair (go háirithe FBManna) agus don chistiú agus don infheistíocht.

1.2. Tá gá le pacáiste cuimsitheach beartais don saol oibre lena gcomhtháthófaí na huirlisí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus lena dtabharfaí saoirse leordhóthanach do na Ballstáit réitigh iomchuí a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach. D'fhéadfadh athchóirithe agus athbhreithnithe ar an reachtaíocht agus ar mholtaí atá ann cheana féin a bheith i gceist leis sin.

1.3. Éilíonn CESE pacáiste beartais um aistriú cóir do shaol na hoibre, ceann a bhunófar ar réamh-mheas agus bainistiú an athraithe, agus a mbeidh an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil ina bprionsabail phríomha aige ([1]).

Ba cheart bearta mar a leanas a bheith sa phacáiste beartais sin:

— mapáil a dhéanamh ar na riachtanais scileanna agus straitéisí;

— cláir forbartha scileanna iomchuí a bhunú agus a chur chun feidhme;

— rochtain fhóinteach in-fhorfheidhmithe ar uaireanta oiliúna lánchúitithe a bhunú do gach oibrí;

— a áirithiú go ndéanfar córais éifeachtacha rannpháirtíochta agus faisnéise, agus córais éifeachtacha le dul i gcomhairle leis na hoibrithe a chur i bhfeidhm ar leibhéal na gcuideachtaí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme;

([1]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.

— tionscnaimh um aistriú cóir a chomhtháthú i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an tSeimeastair Eorpaigh;

— dreasachtaí láidre a chruthú do ghnólachtaí le go ndéanfaidh siad: tús áite a thabhairt d'uas-sciliú na bhfostaithe atá acu cheana féin chun bearnaí scileanna a líonadh; pleananna na ngnólachtaí don aistriú – lena ndéantar réamhaíocht ar athruithe – a fhorbairt, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus straitéisí a fhorbairt chun na tionchair fhéideartha a bhainistiú; agus ranníocaíochtaí tobhaigh printíseachta agus oiliúna méadaithe a mholadh i gcomhréir leis na samhlacha náisiúnta chun oiliúint oibrithe ar an leibhéal réigiúnach a chistiú i bpáirt.

1.4. Molann CESE go ndéanfaí gníomhaíochtaí mapála gráinní chun feasacht a áirithiú i dtaobh na ndúshlán agus na ndeiseanna a bhaineann leis an aistriú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach anois agus amach anseo. Ní mór do lucht ceaptha beartas ar leibhéil iomchuí, agus do ghnólachtaí, tógáil ar an eolas sin chun pleananna cuimsitheacha um aistriú agus straitéisí cuimsitheacha scileanna a fhorbairt i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí eile agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Is féidir leis an bhFaireachlann um Aistriú Cóir, arna bunú ag an gCoimisiún Eorpach, a bheith i gceannas ar mhapáil na mbeartas agus na ndea-chleachtas agus tacú leis na Ballstáit le sonraí agus faireachán.

1.5. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Aeráide Sóisialta a uas-scálú chun cistiú leordhóthanach a áirithiú, na cistí sin a chur i gcomhréir le cistí eile de chuid an Aontais lena rannchuidítear le cuspóirí de chuid an aistrithe chóir, modhanna eile cistiúcháin a threisiú agus a nascadh agus maoiniú príobháideach a shlógadh don aistriú.

2. **Réamhrá**

2.1. Leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, astaíochtaí a laghdú le 55 % faoi 2030 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Sonraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip nach mór don aistriú a bheith cóir agus ionchuimsitheach agus tús áite a thabhairt do dhaoine, agus aird ar leith á tabhairt ar na réigiúin, ar na tionscail agus ar na hoibrithe a mbeidh na dúshláin is mó rompu ([2]). Tá sé seo luaite ar cheann de thosaíochtaí na Comhairle Eorpaí do 2024-2029 freisin 'Saothróimid aistriú aeráide a bheidh cóir cothrom, agus é mar aidhm againn leanúint de bheith iomaíoch ar an leibhéal domhanda agus ár gceannasacht fuinnimh a mhéadú' ([3]).

2.2. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le sprioc aeráide 2040 an Aontais, sonraítear glanlaghdú 90 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990. Tacaíonn CESE leis an sprioc atá á moladh, is é sin laghdú 90 % faoi 2040, toisc í a bheith ag teacht leis an taighde eolaíoch i dtaobh rannchuidiú cothrom na hEorpa leis an sprioc 1.5° C. Cuireann sé in iúl, áfach, go mbeidh gníomh comhordaithe sna hearnálacha uile ríthábhachtach chun sprioc 2040 a bhaint amach. Mar sin féin, cuireann CESE i bhfios go láidir a dhúshlánaí atá an sprioc sa chaoi nach bhféadfar í a bhaint amach gan beartais a chur ar bun lena n-áiritheofar iomaíochas thionscail na hEorpa agus an t-aistriú cóir, agus leas á bhaint as gach teicneolaíocht ísealcharbóin agus saor ó charbón atá ann ar bhealach costéifeachtach ([4]). Mar sin féin, beidh bearta um athdháileadh riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta ionas nach bhfágfar aon duine ar lár ([5]).

2.3. De thoradh an aistrithe beidh deiseanna nua agus dúshláin thromchúiseacha ann le haghaidh cruthú gnólachtaí agus post, agus d'oibrithe ar gach leibhéal scileanna, ach rachaidh sé chun tairbhe níos mó do réigiúin áirithe ná do réigiúin eile. Beidh ról ríthábhachtach i gcónaí ag beartas comhtháthaithe an Aontais agus ag bearta náisiúnta ó thaobh tacaíocht a thabhairt do na réigiúin a ndéanfaidh an t-aistriú an difear is mó dóibh ([6]). Meastar go mbeidh tionchar díreach ag an aistriú ar 40 % d'oibrithe san Aontas ([7]).

2.4. Ag an am céanna, tá an baol ann go dtarlóidh cúlú ar spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip de bharr frithfhreagairt phoiblí agus pholaitiúil – agus an fhrithfhreagairt sin ag dul i méid – i gcoinne beartais ghlasa mar gheall ar an dearcadh go bhfuil an t-aistriú éagórach mar atá sé ([8]) ([9]), go bhfuil méadú ar na dualgais atá ar ghnólachtaí agus go bhfuiltear ag cruthú easpa réamhriachtanais thábhachtacha le haghaidh cás gnó níos láidre san Eoraip ([10]). Mar sin féin, léirítear le suirbhéanna ar thuairimí an phobail go dtacaíonn tromlach mhuintir na hEorpa le haistriú glas cóir ([11]).

([2]) COM(2019) 640 final.
([3]) Clár Oibre Straitéiseach na Comhairle Eorpaí 2024-2029.
([4]) IO C, C/2024/4667, 9.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4667/oj.
([5]) COM(2024) 63 final.
([6]) COM(2024) 63 final.
([7]) https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/2024-08/ef23032en.pdf.
([8]) A new governance framework to safeguard the European Green Deal.
([9]) Enabling the green and just transition.
([10]) https://antwerp-declaration.eu/
([11]) Special Eurobarometer 100.1 – Parlemeter 2023.

2.5. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an t-aistriú sin cóir. Sonraítear i dTreoirlínte na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hAistriú Cóir nach mór aistriú cóir do chách i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhainistiú go maith agus nach mór dó rannchuidiú leis na spriocanna maidir le hobair chuibhiúil do chách, cuimsiú sóisialta, agus díothú na bochtaineachta ([12]).

3. **Teorainneacha a ghabhann le hionstraimí beartais reatha an Aontais**

3.1. Aithníonn CESE agus is mór aige an iliomad ionstraimí beartais atá ann cheana ar an leibhéal Eorpach lena dtugtar aghaidh go díreach nó go hindíreach ar an aistriú cóir. Tugann sé dá aire freisin na contrárthachtaí agus na bearnaí idir roinnt beartas.

3.2. Is díol sásaimh do CESE an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, ach tugann sé dá aire nach dtugtar leis an moladh neamhcheangailteach sin an t-ardán cuimsitheach beartas is gá don Aontas chun déileáil leis na tionchair uile ([13]). Mar thoradh air sin, ba cheart tacú leis na Ballstáit lena gcuid iarrachtaí chun an Moladh a chur chun feidhme i gcomhréir le comhthéacsanna náisiúnta.

3.3. Beidh an Sásra um Aistriú Cóir agus an Ciste Aeráide Sóisialta atá beartaithe luachmhar chun aistriú cóir a fheabhsú agus a bhainistiú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal earnála. Mar sin féin, tá siad teoranta ó thaobh méide agus raon feidhme de agus ní thugtar aghaidh leo ach ar chuid bheag de phróiseas an aistrithe ([14]). Ní leor acmhainní airgeadais an Chiste Aeráide Shóisialta agus an Chiste um Aistriú Cóir chun na cuspóirí ar ceapadh lena n-aghaidh iad a chomhlíonadh agus ba cheart leas éifeachtach a bhaint astu ([15]).

3.4. Chun an bhearna idir ionstraimí an Aontais um aistriú cóir a dhúnadh, leis an gcreat beartais um aistriú cóir (JTPF) ba cheart go mbeifí in ann Comhaontú Pháras ([16]), Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe ([17]) agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ([18]), Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Straitéis Iomaíochais Fhadtéarmaigh ([19]) a chur i bhfeidhm ina n-iomláine. Faoi Threoirlínte na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair um aistriú cóir ([20]), ba cheart roghanna sonracha a chur ar fáil chun JTPF ([21]) a fhoirmliú, a chur chun feidhme agus a chur faoi fhaireachán a dhéanamh air.

4. **Pacáiste beartas de chuid an Aontais maidir le haistriú cóir le haghaidh shaol na hoibre agus na huirlisí a ghabhann leis**

4.1. Is próiseas casta é an t-aistriú cóir lena ndéantar difear do chuid mhór den tsochaí, agus ní leor uirlis bheartais amháin chun dul i ngleic leis an dúshlán sin. Mar sin, éilíonn CESE na bearnaí atá sna hionstraimí beartais atá ann cheana a mheas agus, i gcás inarb iomchuí, iad a chomhlánú le bearta nua dírithe ar phacáiste beartais comhordaithe a chruthú don saol oibre. Ba cheart don phacáiste sin uirlisí atá ann cheana féin ar leibhéal an Aontais a chomhtháthú ann agus dóthain solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit chun réitigh iomchuí a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Leagtar amach sna tograí thíos na gnéithe a bheadh i bpacáiste beartas den sórt sin.

4.2. Ba cheart gnéithe shaol na hoibre in aistriú cóir a chuimsiú sa phacáiste beartais sin, agus roinnt na n-inniúlachtaí mar a shainítear sna Conarthaí agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á gcur san áireamh, eadhon: earnálacha, réigiúin, poist agus scileanna (lena n-áirítear gnéithe inscne, gnéithe idirghlúine, agus gnéithe grúpaí leochaileacha), leas, comhar idir na Ballstáit, rialachas, gnó agus fiontair (agus béim ar leith á leagan ar FBManna), agus cistiú agus infheistíocht.

([12]) *Guidelines for a just transition towards environmentally sustainable economies and societies for all.*
([13]) IO C 486, 21.12.2022, lch. 95.
([14]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.
([15]) *The European Green Deal and the 'Leave No One Behind' principle.*
([16]) Comhaontú Pháras.
([17]) The 2030 Agenda for Sustainable Development.
([18]) *The Sustainable Development Goals.*
([19]) *Long-term competitiveness of the EU looking beyond 2030.*
([20]) *Guidelines for a just transition towards environmentally sustainable economies and societies for all.*
([21]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.

Earnálacha

4.3. Is den ríthábhacht atá cur chuige earnálach maidir le cáilíocht post a fheabhsú agus ní mór faireachán a dhéanamh uirthi freisin ([22]). Sonraítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip go bhfuil gá leis an aistriú i ngach uile earnáil, ag tréimhsí difriúla agus ar leibhéil éagsúla ([23]). Mar sin féin, earnálacha ina bhfuil leibhéil níos airde d'astaíochtaí gás ceaptha teasa – amhail earnálacha fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise amhail ola, gual agus gás; earnáil na tionsclaíochta; agus earnáil an iompair ([24]) – beidh aistriú níos dúshlánaí os a gcomhair. Ag an am céanna, tá gá le nuálaíocht chun scrúdú a dhéanamh ar roghanna fuinnimh dícharbónaithe, ar stóráil fuinnimh, ar ghabháil carbóin agus ar theicneolaíochtaí eile lenar féidir an t-aistriú a éascú. Beidh tionchar ag na hathruithe sin ar ghnólachtaí atá ag feidhmiú laistigh de na hearnálacha sin, ar a gcuid oibrithe, agus ar na réigiúin ina bhfuil siad, agus ar an iomaíochas agus ar infhaighteacht bia.

Tograí:

— Ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, mapáil ghráinneach a chomhordú lena fháil amach cé na hearnálacha straitéiseacha a dhéanfar a uas-scálú, a athrú ó bhonn, nó a scálú anuas agus deireadh de réir a chéile a chur leo. Ba cheart don mhapáil sin bearta tacaíochta iomchuí a leagan amach, mar shampla cistiúchán Eorpach, státchabhair, leas sóisialach, tacaíocht shóisialta shealadach agus tionscnaimh athscilithe chun aistrithe ó phost amháin go post eile a éascú. Ba cheart a áireamh sa mhapáil anailís ar thionchair an aistrithe ar fhostaíocht agus ar scileanna sna tíortha, sna réigiúin agus sna hearnálacha éagsúla, lena n-áirítear ar fhochonraitheoirí agus ar na luachshlabhraí iartheachtacha ([25]). I gcomhréir leis na moltaí atá i dtreoirlínte polaitiúla 2024-2029, ba cheart imscrúdú a dhéanamh sa mhapáil freisin ar na héifeachtaí seach-iarmharta diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag aistriú na hEorpa, mar aon leis na héifeachtaí ar áiteanna eile ar domhan, chun na héifeachtaí sin a mhaolú trí na pleananna earnála agus críochacha um aistriú.

— Ba cheart conairí um aistriú agus pleananna um aistriú ó phost go post a fhorbairt i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis an gcómhargáil.

— Ba cheart cómhalartacht agus gealltanais dhomhanda, lena n-áirítear comhaontuithe trádála idirnáisiúnta, a chur san áireamh agus pleananna earnála á mbreithniú.

Críocha

4.4. Ós rud é go bhfuil roinnt earnálacha á gcéimniú amach, beidh tionchar mór aige sin ar na críocha atá ag brath orthu, ag tráthanna éagsúla agus ar leibhéil éagsúla. Beidh ar na críocha a ndéanfar difear dóibh a ngeilleagair a athstruchtúrú agus a éagsúlú i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua, an lucht saothair a ullmhú do na hathruithe atá ag teacht chun cinn agus do na poist a bheidh ann amach anseo agus an comhtháthú sóisialta a choimeád ([26]). Ba cheart an tsaoirse a bheith ag oibrithe an Aontais fanacht ([27]) agus teacht a bheith acu ar phoist áitiúla ardcháilíochta táirgiúla lena gcuirtear le forbairt agus dea-bhail a bpobal áitiúil, go háirithe i gcás na gceantar tuaithe. Chuige sin, ní mór timpeallacht fhabhrach a chruthú lena dtacaítear le hathruithe struchtúracha i bhfiontair atá ann cheana mar aon le hinfheistíocht agus cruthú post don aistriú glas.

Tograí:

— Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh conairí áitbhunaithe um aistriú ag na críocha, arna bhforbairt i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal iomchuí, agus go mbeidh pleananna earnála um aistriú acu lena n-áiritheofar roghanna malartacha fostaíochta agus oiliúint. Ba cheart do na Ballstáit tacú le tionscnaimh faoi stiúir an phobail agus comhairliúchán leathan le cónaitheoirí áitiúla agus leis an tsochaí shibhialta a áirithiú.

Poist agus scileanna

4.5. Le linn an aistrithe, beidh laghdú suntasach ar phoist in earnálacha áirithe agus claochlú ar phróifílí poist agus ar riachtanais scileanna in earnálacha eile. D'fhéadfadh tionchar dearfach foriomlán a bheith ar líon na bpost le beartais lena mbainfí amach sprioc 2030 go ndéanfaí laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ([28]). Is é an próiseas is suntasaí ná ionadú poist agus/nó athshainiú poist. Beidh an próiseas sin ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta chomh maith leis túsphointe.

([22]) https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/2024-08/ef23032en.pdf.
([23]) COM(2019) 640 final.
([24]) Astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir earnála, https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/daviz/ghg-emissions-by-aggregated-sector-5#tab-dashboard-02.
([25]) IO C 275, 18.7.2022, lch. 101.
([26]) An tArdán um Aistriú Cóir.
([27]) *Much more than a market – Speed, Security, Solidarity*.
([28]) An Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Murauskaite-Bull, I., Scapolo, F., Muench, S. et al., *The future of jobs is green*, Oifig na bhFoilseachán, 2021.

Tograí:

— Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus na Ballstáit comhthuiscint a fhorbairt agus treoirlínte a chur le chéile le haghaidh poist ardcháilíochta, cinnteacht phoist agus dálaí oibre i gcás na bpost glas. Ba cheart dóibh freisin malartuithe idir na Ballstáit a éascú chun dea-chleachtais a chur chun cinn agus an chaoi a gcuirtear *acquis* sóisialta an Aontais chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a léiriú. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Treochlár Post ar Ardchaighdeán a fhorbairt, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, mar a mholtar sna treoirlínte polaitiúla do 2024-2029 ([29]) agus iarann sé ar an gCoimisiún na moltaí a dhéantar sa tuairim seo a chur san áireamh.

— Trí úsáid a bhaint as faisnéis agus fadbhreathnaitheacht cothrom le dáta maidir le margadh an tsaothair agus maidir le scileanna ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal earnálach agus ar an leibhéal ceirde, is féidir riachtanais scileanna gairmshonracha agus idirdhisciplíneacha a shainaithint agus a thuar agus curaclaim a oiriúnú dá réir chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha ([30]).

— Ba cheart do na Ballstáit straitéisí uas-scilithe agus athscilithe a fhorbairt agus a chur chun cinn chun rannpháirtíocht daoine fásta in oiliúint a mhéadú le haghaidh scileanna nua agus phoist nua an aistrithe. Ba cheart dóibh freisin curaclaim agus cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a thabhairt cothrom le dáta agus comhpháirtíochtaí níos dlúithe a chothú idir gníomhaithe oideachais agus oiliúna agus FBManna, Fiontair Shóisialta Lánpháirtíochta Oibre (WISEnna) agus comhpháirtithe sóisialta i gcomhréir leis an tsamhail náisiúnta de rialachas agus cleachtas an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. Ar deireadh, ba cheart dóibh scéimeanna tacaíochta do phrintíseachtaí, do chúrsaí oiliúna íoctha agus do scéimeanna scáthfhoghlama a bhfuil gné láidir oiliúna ag baint leo a thabhairt isteach nó a neartú, go háirithe i micrifhiontair agus i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear iad siúd lena rannchuidítear le cuspóirí aeráide agus comhshaoil agus in earnálacha ina bhfuil ganntanas scileanna. Ba cheart na scéimeanna sin a bheith faoi réir faireachán agus meastóireacht náisiúnta nó réigiúnach agus ba cheart díriú ar cháilíocht poist a chosaint leo ([31]).

— Dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil do FBManna chun infheistíocht a dhéanamh in uas-sciliú agus in athsciliú agus chun cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chothú d'fhiontraithe agus d'oibrithe, lena n-áirítear trí mhicridhintiúir.

— An líonrú a chur chun cinn i measc FBManna d'fhonn eolas a chomhroinnt.

— Idirphlé sóisialta a chur chun cinn ar bhonn dea-chleachtas chun go mbeidh daoine atá fostaithe nó idir poist in ann tacaíocht a fháil le haghaidh cúrsaí oiliúna níos giorra nó níos faide chun a gcuid scileanna a fhorbairt. D'fhéadfaí cuimhneamh air sin a bheith ina chuid den Chomhaontú nua um Idirphlé Sóisialta Eorpach atá beartaithe do thús 2025 ([32]), ([33]).

— Ba cheart an t-aistriú cóir a chomhtháthú i straitéisí náisiúnta scileanna, agus tograí ón 'gClár Oibre Eorpach um Scileanna' agus ón 'Straitéis Nua Tionsclaíochta Nuashonraithe' ón gCoimisiún á gcomhtháthú iontu. Uirlis thábhachtach a bheidh i gcomhpháirtíochtaí scileanna faoin gComhshocrú do Scileanna ([34]) freisin.

— Leis na straitéisí scileanna, ba cheart aghaidh a thabhairt ar neamhionannais inscne atá ann cheana agus a áirithiú go gcuirfear feabhas gníomhach ar an gcomhionannas inscne de thoradh na mbeartas don aistriú cóir ([35]), ([36]). Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar na tionchair atá ag athruithe poist nó ag caillteanas poist ar ghrúpaí sóisialta atá i mbaol a n-eisiaimh ó mhargadh an tsaothair, amhail daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, imircigh nó daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

— Iarann CESE ar an gCoimisiún Eorpach cuimhneamh ar na pointí thuas sa chéad athbhreithniú eile ar Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Córais leasa agus cosanta sóisialta

4.6. Ba cheart gach Ballstát a spreagadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chórais leasa agus cosanta sóisialta chun a áirithiú go bhfuil siad oiriúnach chun tacú leis an aistriú glas agus leis na daoine a n-imrítear tionchar orthu ar an mbealach is éifeachtúla i dtreo fostaíocht inbhuanaithe agus laghdú na bochtaineachta agus an neamhionannais. Rannchuidíonn an chosaint shóisialta leis an oiriúnú don athrú aeráide agus leis an maolú ar an athrú aeráide, agus tacaíonn sí freisin leis an aistriú cóir trí ioncaim, sláinte agus poist daoine a chosaint agus, dá réir sin, is féidir léi tacaíocht phoiblí a fhorbairt don aistriú ([37]).

([29]) https://commission.europa.eu/document/download/e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_en?filename=Political%20Guidelines%202024-2029_EN.pdf.
([30]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([31]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([32]) New framework for a just digital and green transition.
([33]) Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2024-2029.
([34]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([35]) An Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Murauskaite-Bull, I., Scapolo, F., Muench, S. et al., *The future of jobs is green*, Oifig na bhFoilseachán, 2021.
([36]) *Considering gender in regional transformations*.
([37]) https://www.ilo.org/publications/flagship-reports/world-social-protection-report-2024-26-universal-social-protection-climate.

Tograí:

— Ba cheart don Choimisiún Eorpach tionscnaimh um aistriú cóir a chomhtháthú i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an tSeimeastair Eorpaigh. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit an tsaoirse gluaiseachta a ráthú maidir leis an tslándáil shóisialta sa chás go n-aistríonn fostaithe go Ballstát eile i gcomhréir le Rialachán 883/2004.

— Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun a gcórais leasa agus cosanta sóisialta a athbhreithniú agus a chur in oiriúint, i gcás inar gá, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíocha an lae inniu chun a áirithiú go ndéanfar costais agus tairbhí an aistrithe ghlais a chomhroinnt go cothrom agus chun seirbhísí leasa ghinearálta atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inrochtana a ráthú. D'fhéadfaí a áireamh ar na córais sin, i measc nithe eile, beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, sochair dhífhostaíochta, tacaíocht leordhóthanach dóibh siúd atá i ngreim ag an mbochtaineacht nó i mbaol bochtaineachta, pá íosta, éicea-dhearbháin, tacaíocht ioncaim dhíreach, ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta ([38]). Ba cheart do na húdaráis náisiúnta oibriú le heagraíochtaí neamhbhrabúis, le fiontair de chuid an gheilleagair shóisialta agus le soláthraithe seirbhíse sóisialta eile chun teaghlaigh leochaileacha agus daoine aonair leochaileacha a shainaithint agus chun tacú leo trí bhearta sealadacha.

— Is féidir córais cosanta sóisialta a oiriúnú chun slándáil ioncaim a sholáthar, go háirithe le linn aistrithe ó phost go post, chun seirbhísí sláinte agus cúraim a sholáthar trí bhonneagar sóisialta leordhóthanach, go háirithe sna críocha a bhfuil an difear is mó á dhéanamh dóibh agus do na grúpaí sóisialta is leochailí chun eisiamh sóisialta a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sláinte agus ar rioscaí a bhaineann leis an tsláinte ([39]).

— Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as dreasachtaí spriocdhírithe agus dea-cheaptha um earcaíocht agus um aistriú chun tacú le soghluaisteacht i margadh an tsaothair idir earnálacha, réigiún agus tíortha ([40]).

Comhar idir na Ballstáit

4.7. Is den ríthábhacht é comhar a bheith ann chun tacú leis an gcomhtháthú agus leis an iomaíochas seachas sodar go grinneall a dhéanamh san Aontas. A lán de na beartais is gá le haghaidh Comhaontú Glas cóir, socraítear ar an leibhéal náisiúnta iad agus beidh iarrachtaí comhordaithe ó na Ballstáit ag teastáil ina leith.

Tograí:

— Ós rud é nach scaipfear caillteanais agus gnóthachain post go cothrom ar fud an Aontais agus ós rud é go bhfuil láidreachtaí éagsúla idir críocha éagsúla a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí agus scileanna éagsúla, ba cheart an beartas tionsclaíoch agus an beartas comhtháthaithe a ailíniú chun treisiú le seasamh an Aontais mar ghníomhaí eacnamaíoch domhanda le haghaidh aistriú cóir ar fud an Aontais ([41]).

— Ba cheart don Aontas straitéis thionsclaíoch a ghlacadh i gcomhréir le cuspóirí an aistrithe chóir lena n-áirithítear cothrom iomaíochta. Chun é sin a dhéanamh, d'fhéadfadh sé tionscail straitéiseacha agus slabhraí breisluacha straitéiseacha agus acmhainneacht eacnamaíoch gach réigiúin a shainaithint agus an rannchuidiú a dhéanann siad le slabhraí breisluacha tras-AE a chomhordú ([42]). ([43]). D'fhéadfadh samhail IPCEI feidhmiú mar threoirphlean ([44]).

— Ní mór don bheartas comhtháthaithe leanúint de bheith ina thiomántóir tábhachtach d'aistriú cóir i réigiúin atá ag brath go mór ar bhonneagar atá bunaithe ar bhreosla iontaise. Is féidir le ciste tiomnaithe ar leibhéal an Aontais, amhail an Ciste Eorpach Iomaíochais atá beartaithe ([45]), deontais agus iasachtaí a sholáthar chun tionscadail straitéiseacha thionsclaíocha a fhorbairt i réigiúin nach bhfuil an acmhainneacht fhioscach iontu don infheistíocht sin. An tacaíocht airgeadais phoiblí amhail deontais, iasachtaí agus soláthar poiblí, ba cheart di coinníollachtaí sóisialta agus comhshaoil a chomhlíonadh chun a áirithiú go mbeidh an cistiú poiblí ag brath ar dhul chun cinn ([46]).

— Ní mór tacaíocht shonrach a bheith ann do na Ballstáit sin a bhaineann tearcúsáid as ionstraimí cistiúcháin straitéiseacha an Aontais sa nuálaíocht agus in T&F agus chun tionscail a scálú, i dtíortha atá srianta go fioscach go háirithe.

([38]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.
([39]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([40]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([41]) ZOE Institute for Future-Fit Economies (2024). A Unified Industrial Transition for Europe (UnITE) Pact.
([42]) *Much more than a market – Speed, Security, Solidarity*.
([43]) ZOE Institute for Future-Fit Economies (2024). A Unified Industrial Transition for Europe (UnITE) Pact.
([44]) Tuarascáil Draghi.
([45]) Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, 2024-2029.
([46]) ZOE Institute for Future-Fit Economies (2024). A Unified Industrial Transition for Europe (UnITE) Pact.

— Ar an leibhéal náisiúnta, ní mór féachaint le poist ardcháilíochta a chosaint don aistriú le pleananna náisiúnta comhordaithe i measc earnálacha agus margaí saothair éagsúla agus ní mór sásraí iomchuí a sholáthar leo ag an am céanna do chomhpháirtithe sóisialta náisiúnta ionas gur féidir leo a gcion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an bpróiseas.

Rialachas

4.8. Tá gné an rialachais den aistriú cóir fíorthábhachtach go deo. Ní leor ionstraim bheartais ná bailiúchán ionstraimí chun dul i ngleic le castacht an aistrithe chóir. Ba cheart comhbhabhtálacha idir ionstraimí beartais a sheachaint nó a mhaolú trína sainaithint go luath.

Tograí:

— Tá cur chuige iomlánaíoch, comhordaithe agus comhtháite beartais i gcroílár JTPF. Is iad na hidirphléití sóisialta agus sibhialta ina bhfuil an tsochaí rannpháirteach agus rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach an bhunchloch chun é sin a thabhairt i gcrích ([47]).

— Uirlisí anailíseacha agus faireacháin a fhorbairt chun cabhrú le pacáistí cuimsitheacha beartas a cheapadh agus éifeachtúlacht na gclár um aistriú ó phost go post a rianú (bearta athscilithe agus uas-scilithe, liúntais um aistriú etc.) ([48]).

— Ní mór tionchair chomhsaol, eacnamaíocha agus shóisialta fhadtéarmacha na mbeartas a mheas go córasach ar gach leibhéal den cheapadh beartas, go háirithe sna meastóireachtaí *ex ante*. Ba cheart do lucht ceaptha beartas torthaí na gcleachtas meastóireachta, fadbhreathnaitheachta agus faireacháin a chur faoi bhráid an phobail go tráthrialta, agus malartuithe le comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí eile a eagrú maidir leis na torthaí agus na coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ([49]).

— Ba cheart do lucht ceaptha beartas ar gach leibhéal foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht iomlán fhóinteach na n-oibrithe ar gach leibhéal agus a n-ionadaithe agus oibrithe ó chuideachtaí i ngach earnáil agus de gach méid maidir le hathrú a thuar agus próisis athstruchtúraithe a bhainistiú, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha leis an aistriú glas ag gach céim den cheapadh beartais agus den chur chun feidhme ([50]).

— Le rannpháirtíocht i gceapadh na mbeartas, ba cheart go ndéanfaí daoine aonair, an tsochaí shibhialta, na comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí a chumhachtú agus a chumasú lena gcion féin a dhéanamh i dtaobh réitigh ábhartha a cheapadh agus a chur chun feidhme ar leibhéil iomchuí. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thuairim a lorg ó ionadaithe ó ghrúpaí leochaileacha agus ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht ([51]).

— Leis na cuir chuige bheartais, ní mór ceapadh na mbeartas a chomhordú ar gach leibhéal agus sna réimsí beartas ábhartha uile, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht. Go hingearach, ciallaíonn sé sin údaráis réigiúnacha agus áitiúla a spreagadh chun ról gníomhach a imirt i bpleanáil, i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na mbeartas maidir leis an aistriú cóir. Go cothrománach, ní mór do lucht ceaptha beartas comhoibriú i réimsí éagsúla ábhair beartais chun bearnaí, forluíonna, comhbhabhtálacha agus sineirgí idir roghanna beartais a shainaithint. Tacaítear le sainaithint na ngnéithe sin trí úsáid measúnuithe tionchair fostaíochta, shóisialta agus dáileacháin (*ex ante*) atá láidir agus trédhearcach a fhorbairt agus a phríomhshruthú ([52]).

Tograí ar leibhéal an Aontais go sonrach:

— Cé go ndearnadh an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhú ar son na hAeráide agus an Dlí Aeráide Eorpach ([53]) a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta le déanaí, d'fhéadfadh na hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo, mar a chuirtear in iúl sa litir mhisin chuig an gCoimisinéir ainmnithe um Fhuinneamh agus Tithíocht, an scéal a fhiosrú maidir le cuspóirí an aistrithe chóir a fhí isteach i struchtúir rialachais il-leibhéil. Áirítear leis sin ailíniú na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide leis an idirphlé sóisialta agus sibhialta faoi thosaíochtaí an aistrithe chóir, mar aon lena gcomhtháthú le réimsí eile beartais a fheabhsú, an Comhbheartas Talmhaíochta ([54]), cuir i gcás

([47]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.
([48]) Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú.
([49]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([50]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([51]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([52]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([53]) Rialachas an Aontais Fuinnimh.
([54]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.

— Ba cheart d'Fhaireachlann an Aontais um Aistriú Cóir faireachán a dhéanamh ar phróiseas an Aontais um aistriú cóir lena n-áirítear beartais agus straitéisí náisiúnta atá bunaithe ar threoirlínte ar leibhéal an Aontais, e.g. sa Seimeastar Eorpach agus sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide ([55]), ba cheart na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a bheith páirteach in obair ar shraith táscairí faireacháin a fhorbairt. Ba cheart don Fhaireachlann cur le faisnéis agus fadbhreathnaitheacht cothrom le dáta maidir le margadh an tsaothair agus maidir le scileanna, agus na riachtanais a bhaineann le scileanna gairmshonracha agus idirdhisciplíneacha á sainaithint agus á dtuar aici ([56]). Ba cheart é sin a dhéanamh trí mhalartuithe tráthrialta le lucht ceaptha beartas ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

— Chun gur féidir comhordú cothrománach a dhéanamh, tá CESE ag moladh úsáid a bhaint as Saotharlanna Beartais an Aontais faoi stiúir Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin chun grúpa ilchineálach ardstiúrthóireachtaí a thabhairt le chéile go luath sa phróiseas ceaptha beartas chun dul i ngleic le fadhbanna beartais trí pheirspictíocht tras-rannach ([57]).

— Chun rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas beartais a leabú ar bhealach níos láidre agus níos fónta, tá CESE ag moladh scórchlár a chur ar bun ina léireofar na moltaí ó na saoránaigh ar glacadh leo agus, i gcás nár glacadh leo, na cúiseanna leis sin.

Tograí ar an leibhéal náisiúnta go sonrach:

— Chun freastal a dhéanamh ar riachtanais an aistrithe chóir a leagtar amach sna ranna eile, ba cheart do na Ballstáit acmhainneachtaí oibríochtúla na seirbhísí poiblí ábhartha a neartú chun treoraíocht agus tacaíocht éifeachtach a thabhairt chun beartais um aistriú cóir a chur chun feidhme ([58]).

— An reachtaíocht atá ann cheana lena ndéantar foráil maidir le cearta faisnéise agus comhairliúcháin, ní mór í a chur chun feidhme go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta.

Gnó agus fiontair

4.9. Gnó agus fiontair (agus béim ar leith á leagan ar FBManna) mar spreagthóirí an aistrithe

Tograí:

— Chun an fhiontraíocht a chur chun cinn, go háirithe i réigiúin a bhfuil dúshláin um aistriú rompu agus in earnálacha ina gcuirtear cuspóirí aeráide agus comhshaoil chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar fhiontraíocht na mban, ba cheart bearta airgeadais, lena n-áirítear deontais, iasachtaí nó cothromas, a chomhcheangal le bearta neamhairgeadais, lena n-áirítear seirbhísí oiliúna agus comhairleacha, atá saincheaptha do gach céim de shaolré an ghnólachta; ba cheart an tacaíocht a bheith ionchuimsitheach agus inrochtana ag grúpaí atá faoi ghannionadaíocht agus ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste ([59]). Is den ríthábhacht é, chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt don fhiontraíocht, na dálaí iomchuí a bheith ann le haghaidh infheistíochta agus chun gnólachtaí a chur ar bun.

— Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar mhaoiniú agus ar mhargaí a éascú do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil agus aird ar leith á tabhairt ar fhiontair an gheilleagair shóisialta, chun cruthú post ardcháilíochta do chách a spreagadh. Ba cheart béim ar leith a leagan ar na críocha a ndéanann an t-aistriú an difear is mó dóibh agus ar na hearnálacha a thacaíonn le cuspóirí an aistrithe ([60]).

— Fothú acmhainneachta eagraíochtaí fostóirí a dhéanann ionadaíocht ar FBManna chun an méid seo a leanas a dhéanamh: 1) ról an chomhairleora a imirt maidir leis an gcaoi ar féidir samhlacha gnó a chur i riocht níos glaise agus níos inbhuanaithe; 2) ról an chomhpháirtí shóisialta a imirt i leith lucht ceaptha beartas agus san idirphlé sóisialta.

— Féadfar samhlacha gnó éagsúlaithe, lena n-áirítear córais chiorclacha agus chomhoibritheacha amhail maorúinéireacht, a spreagadh chun an daonlathas ag an obair a fheabhsú.

— Comhtháthú straitéisí um aistriú cóir san earnáil phríobháideach, ina gcuid iarrachtaí um dhícharbónú, a chur chun cinn agus na ceardchumainn a bheith rannpháirteach ar bhonn tráthúil éifeachtach san obair sin. Ach na straitéisí sin a chur chun feidhme, is féidir le gnólachtaí éifeachtaí an aistrithe ghlais ar a gcuid oibríochtaí agus ar a lucht saothair a thuar agus deiseanna nua a shainaithint.

([55]) *The European Green Deal and the 'Leave No One Behind' principle*.
([56]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([57]) *A policy cycle 2.0 for the European Commission*.
([58]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([59]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([60]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.

Cistiú agus infheistíocht

4.10. Tá CESE suite de go bhfuil infheistíocht leordhóthanach ríthábhachtach chun JTPF a thabhairt i gcrích Leagann CESE béim ar an ngá atá le leithdháileadh níos fearr agus úsáid éifeachtúil na gcistí atá ar fáil.

Tograí:

— Tá plean infheistíochta Eorpach le haghaidh aistriú glas de dhíth ar scála de réir na riachtanas infheistíochta a mheastar a bheith ann i straitéisí an Choimisiúin. Lena chois sin, na riachtanais ollmhóra infheistíochta atá ann, fágann siad go bhfuil gá le béim níos láidre a leagan ar infheistíochtaí poiblí chun dlús a chur leis an aistriú. I ndáil leis an méid sin, is díol spéise do CESE an Ciste Eorpach Iomaíochais atá beartaithe, a d'fhógair an Coimisiún.

— Ní mór an infheistíocht a dhíriú ar na críocha agus ar na daoine aonair agus ar na grúpaí sóisialta leochaileacha a mbeidh an tionchar is mó ag an aistriú orthu. Ní mór do na hinfheistíochtaí sin a bheith táirgiúil agus inbhuanaithe.

— D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh maidir le coinníollacha chun a áirithiú go ndáilfear na cistí dá réir sin. Dá thoradh sin d'fhéadfaí feidhm a thabhairt d'úsáid ex ante an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', an phrionsabail 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú', agus do chruthú agus d'úsáid an phrionsabail 'gan dochar sóisialta a dhéanamh', agus léiriú *ex post* a thabhairt ina dhiaidh sin ar na coinníollacha arna gcomhlíonadh chun rochtain a fháil ar na cistí atá fágtha. An plé maidir le prionsabal 'gan dochar a dhéanamh' a chruthú, d'fhéadfaí é a reáchtáil leis na geallsealbhóirí ábhartha.

— Ba cheart liosta dearfach de ghníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cistiú i gcomhréir le cuspóirí sóisialta a leagan amach in iarscríbhinn laistigh den Chiste um Aistriú Cóir. Ina theannta sin, i gcomhréir leis na treoirlínte polaitiúla chun méadú a chur ar an gcistiú le haghaidh aistriú cóir, d'fhéadfaí an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Aeráide Sóisialta a leathnú, ba cheart do na Ballstáit cleachtais soláthair phoiblí atá freagrach go sóisialta a chothú, lena n-áirítear trí chritéir dhámhachtana shóisialta lena gcruthaítear deiseanna do na daoine a ndéanann an t-aistriú glas an difear is mó dóibh, agus critéir dhámhachtana ghlasa á gcur chun cinn ag an am céanna ([61]).

— Beidh raon feidhme buiséadach de dhíth ar na Ballstáit freisin chun infheistíocht a dhéanamh san aistriú agus chun é a chur chun feidhme. Maidir leis an gcreat rialachais eacnamaíoch a rinne athbhreithniú air le déanaí, cuireann an Coiste i bhfios go láidir go bhféadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh tionscnamh chun a áirithiú go mbainfear leas as caipiteal leordhóthanach príobháideach agus poiblí don aistriú glas agus don chomhtháthú sóisialta ([62]).

— Ba cheart do na Ballstáit córais chánachais a mheasúnú agus a oiriúnú i bhfianaise na ndúshlán a eascraíonn as an aistriú, go háirithe tríd an ualach cánach a athrú ón saothar agus tríd an ding chánach do ghrúpaí ísealioncaim agus meánioncaim a laghdú i dtreo foinsí eile lena rannchuidítear le cuspóirí aeráide agus comhshaoil ([63]).

Pacáiste beartais um aistriú cóir do shaol na hoibre

4.11. Tá CESC ag iarraidh go mbunófar pacáiste beartais Eorpach um aistriú cóir i saol na hoibre, tríd an athrú a thuar agus a bhainistiú, agus treoirphrionsabail a dhéanamh den idirphlé sóisialta agus an chómhargáil ([64]). Ba cheart na tograí ábhartha atá dírithe ar na Ballstáit a chuimsiú sa phacáiste sin, go háirithe an méid a leanas:

— Mapáil ar riachtanais agus straitéisí scileanna mar aon le dianmheasúnuithe tionchair shocheacnamaíoch ar an leibhéal náisiúnta, earnála, réigiúnach agus áitiúil maille le saineolaithe scileanna a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu, maille le saoráidí faireacháin agus tacaíochta réigiúnacha chun tacú le gnólachtaí, FBManna go háirithe, agus le hoibrithe na haidhmeanna sin a bhaint amach. Ba cheart gurbh iad na comhpháirtithe sóisialta agus na rialtais ar na leibhéil faoi seach a dhéanfadh an mhapáil sin.

— Cláir forbartha scileanna iomchuí a bhunú agus a chur chun feidhme ar gach ceann de na leibhéil thuas lena gcuirtear ar chumas oibrithe, daoine óga, daoine dífhostaithe, agus grúpaí leochaileacha eile (daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, imircigh, etc.) athbhreithniú a dhéanamh ar a scileanna agus a dtreoshuíomhanna gairme a thabhairt cothrom le dáta, a n-infhostaitheacht agus a soghluaisteacht a neartú agus aistrithe gairme atá indéanta agus inmhianaithe a dhéanamh

([61]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([62]) IO C 146, 27.4.2023, lch. 53, pointe 1.12.
([63]) IO C 243, 27.6.2022, lch. 35.
([64]) IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj.

— Rochtain fhóinteach in-fhorfheidhmithe a bhunú ar uaireanta oiliúna lánchúitithe do gach oibrí, trí bhíthin bearta amhail sochair athsholáthair pá, agus gan beann ar an gcineál conartha atá i gceist, le linn na n-uaireanta oibre, lena ngabhann bearta rochtana sonracha do mhná agus do ghrúpaí leochaileacha.

— A áirithiú go ndéanfar córais éifeachtacha rannpháirtíochta agus faisnéise, agus córais éifeachtacha le dul i gcomhairle leis na hoibrithe a chur i bhfeidhm ar leibhéal na gcuideachtaí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme. A áirithiú freisin go neartófar cumhdach na cómhargála, go háirithe sna hearnálacha atá ag teacht chun cinn agus i gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Pá Íosta

— Tionscnaimh um aistriú cóir a chomhtháthú i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an tSeimeastair Eorpaigh. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit an tsaoirse gluaiseachta a ráthú maidir leis an tslándáil shóisialta sa chás go n-aistríonn fostaithe go Ballstát eile i gcomhréir le Rialachán 883/2004.

— Dreasachtaí láidre a chruthú do ghnólachtaí le go ndéanfaidh siad: tús áite a thabhairt d'uas-sciliú na bhfostaithe atá acu cheana féin chun bearnaí scileanna a líonadh; pleananna na ngnólachtaí don aistriú – lena ndéantar réamhaíocht ar athruithe – a fhorbairt, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus straitéisí a fhorbairt chun na tionchair fhéideartha a bhainistiú; agus ranníocaíochtaí tobhaigh printíseachta agus oiliúna méadaithe a mholadh i gcomhréir leis na samhlacha náisiúnta chun oiliúint oibrithe ar an leibhéal réigiúnach a chistiú i bpáirt.

— Ní mór réamhaíocht, ullmhú agus bainistiú an athstruchtúraithe a chomhordú leis na húdaráis phoiblí ábhartha agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, ina gcáil féin agus ina n-inniúlacht féin, agus ag tráth iomchuí. Ba cheart a áirithiú leis sin go bhforbrófar conairí um aistriú ó phost go post agus béim á leagan ar chosaint a thabhairt do chearta na n-oibrithe fanacht ina réigiún féin agus a rogha fanacht ina n-earnáil féin a urramú.

An Bhruiséil, an 5 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE